Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023
(OR. en)

11176/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0353(COD)**

**CODEC 1222**
**ENV 783**
**ENT 151**
**MI 574**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 10 Nollaig 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 24 Márta 2021[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

4. An 14 Meitheamh 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[3].

[1] 13944/20 + ADD 1 go 5.
[2] IO C 220, 9.6.2021, lch. 128.
[3] 10488/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 2/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bhulgáir agus an tSlóivéin ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.